CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 104/25
Lucsamburg, 1 Lúnasa 2025

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-600/23 | Royal Football Club Seraing

# Sacar: cumhdaíonn an Chúirt Bhreithiúnais an ceart, go háirithe do chlubanna agus d'imreoirí, chun athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a fháil ar dhámhachtainí eadrána a thug an Chúirt Eadrána Spóirt

*Ní mór do chúirteanna na mBallstát a bheith faoi réir grinn-athbhreithniú ar chomhoiriúnacht na ndámhachtainí sin le bunrialacha dhlí an Aontais*

I réimse an tsacair cosúil le go leor spóirt eile, ní ghlactar go ginearálta le díospóidí a chur faoi réir eadrána ar bhonn neamhshrianta, ach forchuirtear eadráin go haontaobhach ar imreoirí agus ar chlubanna ag comhlachais idirnáisiúnta, amhail an Fédération internationale de football association (FIFA).

Sna himthosca sin, is tábhachtach nach gcuirtear na cearta agus na saoirsí a ráthaítear le bunrialacha dhlí an Aontais d'imreoirí, clubanna agus, ar leibhéal níos leithne, aon duine eile a chleachtann spórt gairmiúil nó a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch bunaithe air sin i mbaol leis an eadráin. Sin an fáth a measann an Chúirt nach mór do na cúirteanna náisiúnta cumhacht a bheith acu chun grinn-atbhreithniú a dhéanamh, arna iarraidh sin ag daoine aonair nó uathu féin, ar chomhoiriúnacht dámhachtainí eadrána na Cúirte Eadrána Spóirt (CES), le beartas poiblí an Aontais.

Thairis sin, má chuirtear cosc le reachtaíocht náisiúnta nó rialacha ó chomhlachas spóirt ar chúirteanna náisiúnta a gcumhachtaí a fheidhmiú, tá sé d'oibleagáid ar na cúirteanna sin an rialacha sin a chur ar leataobh.

In 2015, rinne club Beilgeach, an Royal Football Club Seraing (RFC Seraing) comhaontuithe maoiniúcháin le cuideachta i Málta, Doyen Sports, lena ndearnadh foráil maidir le cuid de chearta eacnamaíocha roinnt dá imreoirí a aistriú chuig Doyen Sports. Agus é den tuairim gur sáraíodh an cosc ar thríú páirtithe cearta eacnamaíocha a bheith acu ar imreoirí le conarthaí den sórt sin, d'fhorchuir FIFA roinnt smachtbhannaí ar an gclub, eadhon cosc a chur ar imreoirí nua a chlárú ar feadh roinnt tréimhsí agus fíneáil. Dheimhnigh CES na smachtbhannaí sin, arb í an comhlacht domhanda um réiteach díospóidí i réimse na spóirt, agus dheimhnigh Cúirt Chónaidhme na hEilvéise iad ina dhiaidh sin.

Ag cur i gcoinne chomhoiriúnacht rialacha FIFA le dlí an Aontais, thug RFC Seraing caingean os comhair chúirteanna na Beilge. Mheas na cúirteanna trialacha go raibh an dámhachtain a thug CES críochnaitheach agus go raibh *res judicata* ag baint le dámhachtain CES agus dá bhrí sin nach bhféadfadh sí athscrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist chomhoiriúnachta sin. Agus an cás á éisteacht aici, chinn an Chúirt um Achomhairc Deiridh, sa Bheilg, ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú. Fiafraíonn sí di, go bunúsach, an bhfuil sé inghlactha, faoi dhlí an Aontais, go gcuirtear cosc ar na cúirteanna náisiúnta, de réir prionsabal *res judicata*, athbhreithniú ar dhámhachtain eadrána a thug CES agus a dheimhnigh Cúirt Cónaidhme na hEilvéise, eadhon cúirt tríú tír nach féidir leis ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú.

Cinneann an Chúirt go bhfuil rialacha náisiúnta lena dtugtar feidhm *res judicata* den sórt sin **contrártha le dlí an**

**Aontais.** Le cur i bhfeidhm rialacha den sórt sin, **baintear** an deis de dhaoine aonair **athbhreithniú breithiúnach éifeachtach** a fháil ar dhámhachtain den sórt sin ó chúirteanna na mBallstát.

Go praiticiúil, meabhraíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, gur féidir le daoine aonair dul ar iontaoibh eadrána i bprionsabal, a rá, áfach, má tá an eadráin sin le cur chun feidhme laistigh den Aontas Eorpach, gur gá a áirithiú go mbeidh sí comhoiriúnach le struchtúr breithiúnach an Aontais Eorpaigh agus go n-urramófar a bheartas poiblí.

Ansin, tugann an Chúirt faoi deara, sa chás seo, go ndearnadh dámhachtain CES de bhun sásra eadrána arna fhorchur go haontaobhach ag comhlachas idirnáisiúnta spóirt (FIFA), mar a tharlaíonn go minic i ndíospóidí spóirt.

Ar an gcúis sin, measann an Chúirt, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach na n-imreoirí, na gclubanna agus na ndaoine aonair eile a bhféadfadh baint a bheith acu le feidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche a bhaineann leis an spórt ar chríoch an Aontais Eorpaigh a ráthú, nach mór go bhféadfaí **athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh** ar dhámhachtainí arna n-eisiúint ag CES. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh sé a bheith teoranta go bailí chun gnéithe sonracha na headrána a chur san áireamh, ní mór don athbhreithniú sin a chur ar chumas daoine aonair, in aon chás, grinn-athbhreithniú breithiúnach a fháil **ar chomhoiriúnacht na ndámhachtainí sin le prionsabail agus forálacha bheartas poiblí an Aontais Eorpaigh**. Thairis sin, caithfidh sé a bheith indéanta bearta sealadacha a fháil agus **tarchur chur réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte Bhreithiúnais.**

Ar deireadh, i gcás ina bhfuil sárú ar na rialacha iomaíochta nó ar saoirse gluaiseachta i gceist, ní mór do na daoine lena mbaineann a bheith in ann a iarraidh ar na cúirteanna sin ní hamháin an sárú sin a chinneadh agus cúiteamh a ordú as an díobháil a rinne siad, ach freisin deireadh a chur leis an iompar arb ionann é agus an sárú sin.

Ina theannta sin, dúirt an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil oibleagáid ar chúirt náisiúnta **neamhaird a thabhairt ar aon rialacha náisiúnta nó comhlachais spóirt a gcuirfidh bac ar chosaint bhreithiúnach éifeachtach na ndaoine aonair den sórt sin faoina húdarás féin.**

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Tá físeán ar fáil anseo ina dtugann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh míniú ar an mbreithiúnas.

Fanaigí i dteagmháil linn!